NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Eolas Tábhachtach d’Iarrthóirí

Léigh an méid seo sula gcuireann tú d’iarratas isteach

**Riachtanais Bhunriachtanacha**

**Tréithe:**

Ní mór do gach iarrthóir a bheith ina nduine dea-charachtair.

**Sláinte:**

Beidh gach iarrthóir i riocht sláinte lena léireofaí ionchas réasúnach go mbeidís in ann seirbhís rialtaagus éifeachtúil a chur ar fáil.

**Coinníollacha Fostaíochta**

**Tréimhse Promhaidh:**

Tá tréimhse promhaidh 6 mhí i gceist a fhéadfar de réir mar is rogha leis an POF a fhadú go 10 mí.

**Incháilitheacht chun Dul san Iomaíocht:**

Ní mór don mhéid seo a leanas a bheith fíor maidir le hiarrthóirí, faoi dháta aon tairiscint poist:

a) Is saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) iad. Áirítear san LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh, na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua; nó
b) Is saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA) iad; nó
c) Is saoránach de chuid na hEilvéise iad de bhun an chomhaontuithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
d) Is saoránach neamh-LEE iad ar céile nó leanbh iad de shaoránach LEE nó de saoránach de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
e) Is duine iad a bronnadh cosaint idirnáisiúnta orthu faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Státmar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
f) Is saoránach neamh-LEE iad ar tuismitheoir iad de leanbh is cleithiúnaíar saoránach iad de Bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus a bhfuil cónaí orthu i mBallstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**Oibleagáidí an Iarrthóra:**

Ní mór nach ndéanfaidh iarrthóirí an méid seo a leanas:

- Faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach ná gan smaoineamh
- Canbhasáil a dhéanamh ar dhuine le dreasachtaí nó gan iad

- Iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas
- Cur isteach ar nó cur as don phróiseas ar aon bhealach

I gcás ina ndearnadh iarrthóir canbhasáil, nó ina sáraíonn siad aon cheann de na nithe thuas, dícháileofar agus eisiafar iad ón bpróiseas. Ní mór gach cumarsáid a bhaineann le haon cheann dár gcuid comórtas a bheithdírithe chuig na sonraí teagmhála arna sonrú sa leabhrán comórtais aonair.

Tabhair do d'aire go bhfógraímid ár bhfolúntais ar ardáin éagsúla ar nós LinkedIn, IrishJobs, Public Jobs agus Engineers Ireland. Ní féidir linn glacadh ach le hiarratais a chuirtear isteach tríd an bpróiseas mar a leagtar amach thuas agus a chuirtear isteach chuig an seoladh ríomhphoist arna shonrú sa leabhrán comórtais aonair.

**Modhanna Roghnúcháin**

Tionólfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair bord saineolach chun céimeanna iomaíocha an phróisis roghnúcháin a dhéanamh de réir na gcaighdeán dea-chleachtais is airde. Is féidir an méid seo a leanas a áireamh sa chur chuige a chuirfear i bhfeidhm:

- Gearrliostú na n-iarrthóirí ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil ina n-iarratas;
- Agallamh iomaíoch;
- Agallamh dara babhta;
- Comhlánú ceistneoir(í) ar líne;
- Sampla oibre/rólimirt/cleachtadh meán, agus aon tástálacha nó cleachtaí eile a d'fhéadfaí a mheas a bheith cuí; agus
- Seiceálacha teistiméireachtaí agus seiceálacha ar líne.

Sula ndéanfar raon iarrthóir a mholadh lena gceapadh chuig an bpost seo, déanfaidh an the tÚdarás gach fiosrúchán a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích ina n-iomláine,ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a chur in iúl go bhfuil cinneadh den sórt sin déanta.

**Tabhair do d'Aire:** Má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin, beidh ort an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Tabhair faoi tástáil leighis le dochtúir cuideachta an ÚNI

2. Cruthúnas a chur isteachde do cháilíocht chuí (de réir mar is infheidhme)
3. Ar a laghad dhá theistiméireacht shásúla a chur ar fáil (féach thíos)
4. Cruthúnas aitheantais a chur isteach, le haitheantas cuí fótagrafach
5. Cruthúnas eile a chur isteach, a mhéid a bhaineann leis an gcritéar riachtanach, de réir mar is gá (m.sh. más riachtanasí an tiomáint, iarrfar cruthúnas de cheadúnas iomlán cuí )

**Tagairtí**

Má théann d'iarratas ar aghaidh chuig céim an bhordála, beidh ort ar a laghad dhá theistiméireacht shásúla a chur isteach. Beidh ort do theistiméireachtaí comhlánaithe ag teastáil sula n-eiseofar tairiscint cheapacháin fhoirmiúil. Bheimis buíoch dá dtosófá ag smaoineamh ar ainmneacha na ndaoine a shílfeá a bheadh mar mholtóirí oiriúnacha don ÚNI le dul i gcomhairle leo. Is é an rogha atá againn ná go mbeadh ar a laghad teistiméireacht amháin comhlánaithe ag an bhfostóir is déanaí a bhí agat. Is é rogha an ÚNI freisin go raibh do mholtóir ainmnithe ag obair leat laistigh de na cúig bliana is déanaí. Bí cinnte nach mbaileoimid na sonraí agus na moltóirí teagmhála ach amháinmá thagann tú faoi bhreithniú ag céim an agallaimh.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán, nó má ghlactar leis, má scarann siad leis, féadfaidh an tÚdarás dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh ar bonn thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/ na dátaí a arna sonrú ag an

Údarás.Ní bheidh an tÚdarás freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí a aisíoc.

**Iarrthóireacht a Tharraingt Siar a Mheas**

I gcás iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástáil eile nuair a éilíonn, an tÚdarás nó nach dtugann, nuair a iarrtar í, cibé fianaise, a éilíonn an tÚdarás maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh breise acu le breithniú.

**An Tábhachta a Bhaineann leis an Rúndacht**

Féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair leas a bhaint as speisialtóirí earcaíochta tríú páirtí chun an próiseas earcaíochta ina iomláine, nó cuid de, a bhainistiú thar ár gceann. Ba mhaith linn go mbeifeá cinnte de gurb é ár bpríomhthosaíocht rúndacht a chosaint. Féadfaidh tú a bheith ag súil, agus ráthaíocht againn, go dtabharfar gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí faoi rún daingean agus nach nochtfar iad d'aon duine, lasmuighdíobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné den phróiseas.

**Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER):**

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) mar a leagtar amachi gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais go bhfuil cosc ar dhaoine atá ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar fholúntas eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní fhéadfaidh pinsinéirí den sórt sin cur isteach ar an bpost seo.

**Dearbhú:**

Ceanglófar ar iarratasóirí chun a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir ón tseirbhís phoiblí. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí ar shochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó áit a bhfuil íocaíocht in-lieu faighte acu i leith seirbhís in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

**Comhaontú Comhchoiteann - Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí:**

Le litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra tugadh isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann a mhéid a bhaineann le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Fostaithe na Seirbhíse Poiblí. Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteanné nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht na seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh an athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-incháilitheacht) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sula bhfostaítear aon chomhlacht seirbhíse poiblí iad.

**Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010):**

Le Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach Scéim Spriocdhírithe maidir le Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna maidir le hIomarcaíocht Dheonach (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte phoiblí nó sa tseirbhís phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe ina iomláine nó go príomha ag airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin VRS, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana, agus i ndiaidh sin beidh gá le toiliú a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

i gcás aon athfhostaithe. Níl daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim seo i dteideal dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

**<u>An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013):</u>**

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ,na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, tugadh isteach Scéim maidir le Iomarcaíocht Dheonach le haghaidh na nÚdarás Áitiúil. I gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta 28 Meitheamh 2012 mar a shonraítear thuas, tá sé mar choinníoll sonrach ag an Scéim VER nach mbeidh daoine i dteideal athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe leLeas an Phobail 2009 – 2011 agusag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain óna ndáta imeachta faoin Scéim seo. Ina dhiaidh sin, beidh gá le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh an athfhostú. Tá feidhm ag na coinníollacha i gcás fostaíocht ar bhonn conradh le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

**<u>Aoisliúntas</u>:**

Tairgfear téarmaí pinsin seirbhíse poiblí agus coinníollacha aoise scoir don cheapaí rathúil de réir socruithe pinsin sa ÚNI ag brath ar stádas an cheapaí rathúil:

Go ginearálta, beidh duine nach bhfuil aon stair inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí sna 26 seachtain roimh an gceapachán ina mball de Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) a thosaigh ón 1 Eanáir 2013 (Alt 10 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir amharc ar chóip den Achtag: **<u>https://www.irishstatutebook.ie/eli/2012/act/37/enacted/en/html#</u>**

**<u>IMRÉITEACH SLÁNDÁLA</u>**

**Tabhair do d'Aire:** D'fhéadfadh go n-iarrfaí ort foirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais má thagann tú faoi bhreithniú do cheapachán ar leith. Cuirfear an fhoirm seo chuig An nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ina raibh cónaí ort. Mura n-éiríonn leat, scriosfaidh an tÚdarás an fhaisnéis seo. Má thagann tú, mar sin, faoi bhreithniú do phost eile ina dhiaidh sin, seans go n-iarrfar ort an t-eolas seo a chur ar fáil arís.

# Ráiteas Príobháideachta RGCS- Próiseas Earcaíochta

**Cuspóir na Próiseála**

Reáchtálann a ÚNI próiseas earcaíochta inniúlacht-bhunaithe chun folúntais laistigh den eagraíocht. Chun é seo a chomhlánú, iarrtar ar dhaoine a bhfuil suim acu ann CV, Litir Chumhdaigh agus foirm Phríomh-Éachtaía chur isteach lena meas ag an bpainéal agallaimh. I gcás an iarratasóra rathúil, beidh cuid den fhaisnéis a sholáthrófar mar bhonn don chonradh fostaíochta (m.sh. seoladh).

**Bonn Dlíthiúil don Phróiseáil**

- Is gá chun conradh a chomhlíonadh nó chun dul isteach i gconradh den sórt sin
- Comhlíontacht leis an oibleagáid dhlíthiúil (an tAcht um Théarmaí  Fostaíochta)

**Faighteoirí**

Gheobhaidh na daoine seo a leanas do chuid faisnéise ar na cúiseanna a leagtar amach thíos:

| Faighteoir | Fáth |
|---|---|
| AD (inmheánach) | Iarratas a stóráil, freagairtí a admháil agus comhfhreagras le hiarratasóirí |
| AD (soláthraí Seirbhíse seachtach) | Má lorgaítear tacaíocht sheachfhoinsithe, d'fhéadfadh go bhfaigheadh ár soláthraí Acmhainní Daonna seachfhoinsithe iarratais chun cuidiú le gnéithe riaracháin, nó chun an próiseas earcaíochta ar fad a bhainistiú |
| Painéal Agallaimh | Gheobhaidh an Painéal Agallaimh d'iarratais chun iarratasóirí a ghearrliostú agus a mheasúnú |
| Moltóirí | Iarrtar ar iarratasóirí teistiméireachtaí a chur ar fáil ar féidir teagmháil a dhéanamh leo chun taifid oibreagus/nó tuairim a thabhairt ar oiriúnacht an iarratasóra don phost a ndéantar iarratas air. Déanfar teagmháil leo sin agus ní mór ainm an iarratasóra a chur ar fáil chun an teistiméireacht a fháil. |
| Dochtúir na Cuideach | Bainfimid leas as do chuid sonraí chun tú a chur ar aghaidh chuig dochtúir na cuideachta  má bhreithnítear tú le haghaidh ceapacháin |

**Eolas maidir le hAistrithe Sonraí Lasmuigh den AE**

Ní bhaineann sé sin leis an bpróiseas seo.

**Cinnteoireacht Uathoibríoch**

Ní bhaineann sé sin leis an bpróiseas seo.

**Tréimhse Coinneála i gcomhair Sonraí**

I gcás iarrthóirí nár éirigh leo, coinneofar iarratais agus comhfhreagras ar feadh 12 mhí. I gcás na n-iarrthóirí rathúla, cuirfear a n-iarratas ar a gcomhad fostaithe agus coimeádfar é le linn a bhfostaíochta agus ar feadh tréimhse cuí ina dhiaidh sin.

**Do Chuid Cearta RGCS Maidir leis an bPróiseas seo**

| Ceart | Míniú |
|---|---|
| Rochtain | Féadfaidh tú rochtain a iarraidh agus a fháil ar an bhfaisnéis a iarrtar sa phróiseas tráth ar bith. |
| Inaistritheacht | Féadfaidh tú cóip de na sonraí a iarraidh agus a fháil, i bhformáid leictreonach/inaistrithe, tráth ar bith |
| Scriosadh | Is féidir leat a iarraidh go scriosfar na sonraí atá á gcoimeád. Tá an tréimhse choinneála réamh-mheasta leagtha amach againn thuas. |
| Coigeartú | Féadfaidh tú aon eolas mícheart a bheith agat, i ngeall ar seo a bheith nuashonraithe nó eile, le ceartú. |
| Agóid | Féadfaidh tú agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na faisnéise seo |
| Gearán | Is féidir leat gearán a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí inmheánach (sonraí teagmhála thíos) agus/nó gearán a dhéanamh leis an údarás maoirseachta ábhartha – An Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn. |

**Sonraí Teagmhála**

**Ainm:** Deirdre Glennon **-** Oifigeach Cosanta Sonraí

**Ríomhphost: privacy@nationaltransport.ie**

Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine, Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2, D02 WT20

"Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine, Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2, D02
WT20

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority